Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 22 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6781/21**

**LIMITE**

**CORLX 124**
**CFSP/PESC 207**
**CONOP 6**
**CODUN 7**
**ATO 13**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta |

**CINNEADH (CBES) 2021/… ÓN GCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299
lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/299[1].

(2) Le Cinneadh (CBES) 2018/299, foráiltear do thréimhse cur chun feidhme 42 mhí ag tosú ar dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de, le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de ('an tréimhse cur chun feidhme').

(3) An 18 Feabhra 2021 d'iarr Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil, ina cháil mar an eintitis t cur chun feidhme, údarú ón Aontas síneadh a chur leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 17 Bealtaine 2022 mar gheall ar dhúshláin a eascraíonn as paindéim leanúnach COVID-19.

(4) Is féidir leanúint leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/299 ón gComhairle go dtí an 17 Bealtaine 2022 gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2018/299 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (CBES) 2018/298 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) d'fhonn a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh na n-Arm Ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 46).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Rachaidh an Cinneadh in éag an 17 Bealtaine 2022.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 4 den Iarscríbhinn:

‘4. Fad ama

Is é 48 mí fad iomlán measta chur chun feidhme na dtionscadal. Tiocfaidh deireadh leis na tionscadail an 17 Bealtaine 2022.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*